Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Meán Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**12498/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0249(NLE)**

**PECHE 326**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Meán Fómhair 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 423 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le Prótacal a thabhairt i gcrích lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís (2022-2026) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 423 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 423 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.9.2022
COM(2022) 423 final

2022/0249 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Prótacal a thabhairt i gcrích lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís (2022-2026)**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh idir an tAontas Eorpach agus Oileán Mhuirís an 21 Nollaig 2012 agus tháinig sé i bhfeidhm an 28 Eanáir 2014 ar feadh tréimhse 6 bliana. Mura ndéanann ceann de na páirtithe é a fhoirceannadh, déantar é a athnuachan go hintuigthe go ceann tréimhsí breise 3 bliana agus, dá bhrí sin, tá sé fós i bhfeidhm. Leis an bPrótacal is dUéanaí maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh, cumhdaíodh tréimhse 4 bliana ón dáta a cuireadh i bhfeidhm é go sealadach, i.e. ón dáta ar síníodh é. Síníodh é an 8 Nollaig 2017 agus chuaigh sé in éag an 7 Nollaig 2021.

Comhaontaíodh síneadh 6 mhí leis an bPrótacal i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Oileán Mhuirís, agus síníodh é an 5 Aibreán 2022.

Ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ábhartha[1], rinne an Coimisiún caibidlíocht le hOileán Mhuirís d'fhonn Prótacal nua a thabhairt i gcrích a ghabhfadh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh idir an tAontas Eorpach agus Oileán Mhuirís. Tar éis na caibidlíochta sin, cuireadh inisealacha le Prótacal nua an 7 Bealtaine 2022.

Leis an bPrótacal nua, cumhdaítear tréimhse 4 bliana ón dáta a chuirfear i bhfeidhm é go sealadach arna leagan síos in Airteagal 18 den Phrótacal – is é sin an dáta a shíníonn an dá pháirtí é.

Is é is cuspóir don togra seo tabhairt i gcrích an Phrótacail Cur Chun Feidhme a údarú, i gcomhréir le hAirteagal 218(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Is é príomhaidhm an Phrótacail nua creat cothrom le dáta a sholáthar lena gcuirtear san áireamh tosaíochtaí an Chomhbheartais Iascaigh athchóirithe agus a ghné sheachtrach. Cuideoidh sé sin le leanúint den chomhpháirtíocht straitéiseach idir an tAontas Eorpach agus Oileán Mhuirís agus lena neartú. Cuirfidh an Prótacal nua ar a gcumas oibriú níos dlúithe chun beartas iascaigh inbhuanaithe a chur chun cinn, i gcomhréir leis an gcuspóir acmhainní bitheolaíocha na mara a aithnítear i ndlí an Aontais a chaomhnú, acmhainní iascaigh a shaothrú ar bhealach fónta in uiscí Oileán Mhuirís, agus iarrachtaí Oileán Mhuirís a gheilleagar inbhuanaithe muirí a fhorbairt, chun leas an dá pháirtí. Cuideoidh an comhar sin freisin le dálaí oibre cuibhiúla a chur chun cinn in earnáil an iascaigh.

Leis an bPrótacal nua, soláthraítear deiseanna iascaireachta do shoithí de chuid an Aontais in uiscí Oileán Mhuirís. Tá sé sin bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil agus ar na moltaí a rinne an eagraíocht réigiúnach iascaigh a bhainistíonn stoic éisc mhórimirceacha, an Coimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh, i gcás inarb infheidhme laistigh de theorainneacha an bharrachais atá ar fáil. Bhí seasamh an Choimisiúin bunaithe i bpáirt ar thorthaí meastóireachta a rinneadh ar an bPrótacal roimhe seo (2017-2021), agus ar mheasúnú réamhbhreathnaitheach maidir lenar cheart Prótacal nua a thabhairt chun críche. Is saineolaithe seachtracha a thug faoin bpéire acu.

[1] A glacadh ag an 3813ú cruinniú de chuid na Comhairle Iomaíochais (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás) an 28.9.2021.

Déantar foráil sa Phrótacal maidir leis na deiseanna iascaireachta seo a leanas:

– 40 bád saighne tuinníní;

– 45 bhád spiléireachta dromchla.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Is cuid de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais maidir le tíortha na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin é caibidliú Prótacail nua agus cuirtear san áireamh ann, go háirithe, cuspóirí an Aontais maidir le prionsabail dhaonlathacha agus cearta an duine a urramú.

Tá an tAontas agus Oileán Mhuirís ina bPáirtithe sa Chomhaontú eatramhach, a síníodh an 29 Lúnasa 2009, lena mbunaítear creat le haghaidh Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCE) idir Stáit Oirthear agus Dheisceart na hAfraice, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit. Tá an chaibidlíocht le haghaidh Prótacal nua i gcomhréir le CCE, lena ndéantar foráil maidir le comhar idir na Páirtithe i dtrádáil agus forbairt iascaigh lena gcumhdaítear iascach muirí, iascach intíre agus an dobharshaothrú.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is iad Airteagal 43(2) CFAE, lena mbunaítear an comhbheartas iascaigh, agus Airteagal 218(6) CFAE, lena bhforáiltear nach mór don Chomhairle, ar thogra ón idirbheartaí, cinneadh a ghlacadh lena dtugtar an comhaontú i gcrích, an bunús dlí.

Leagtar síos in Airteagal 17(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, cé is moite den chomhbheartas eachtrach agus slándála, go bhfuil an Coimisiún le hionadaíocht sheachtrach an Aontais a áirithiú. Mar thoradh air sin, na hoifigigh a ainmníonn an Coimisiún, is acu sin amháin a bheidh an inniúlacht fógra a thabhairt d'Oileán Mhuirís gur tugadh an próiseas daingniúcháin i gcrích.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Tagann an togra faoi chuimsiú inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh.

- **Comhréireacht**

Tá an togra comhréireach leis an gcuspóir creat rialachais dlíthiúil, comhshaoil, eacnamaíoch agus sóisialta a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí de chuid an Aontais in uiscí tríú tír, mar a leagtar amach in Airteagal 31 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 lena mbunaítear an Comhbheartas Iascaigh. Comhlíonann sé na forálacha sin chomh maith leis na forálacha maidir le cúnamh airgeadais do thríú tíortha a leagtar síos in Airteagal 32 den Rialachán sin.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

In 2021, rinne an Coimisiún meastóireacht *ex post* ar Phrótacal 2017-2021 a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh a tugadh i gcrích le hOileán Mhuirís, chomh maith le meastóireacht *ex ante* ar athnuachan a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an bPrótacal.

Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht ar Phrótacal 2017-2021[1] gur chomhlánaigh sé na socruithe rochtana eile a bunaíodh sa réigiún, lena gceadaítear do shoithí de chuid an Aontais saothrú na stoc imirceach a bharrfheabhsú laistigh de na rialacha réigiúnacha arna leagan síos ag an gCoimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh. Bhí sé ábhartha do riachtanais pháirtithe leasmhara an Aontais toisc gur thug sé rochtain intuartha do longúinéirí de chuid an Aontais ar limistéar iascaireachta táirgiúil ina bhfuil speicis spriocdhírithe flúirseach. Tugann rochtain ar uiscí Oileán Mhuirís deiseanna do chabhlach spiléireachta an Aontais atá lonnaithe in La Réunion limistéir iascaireachta a leathnú chuig uiscí comharsanachta. Tá tionchar substaintiúil dearfach socheacnamaíoch ar Oileán Mhuirís mar thoradh ar ghníomhaíochtaí chabhlach tuinníní an Aontais in uiscí Oileán Mhuirís agus san Aigéan Indiach i gcoitinne, agus rinneadh ranníocaíocht airgeadais an Aontais a ailíniú a bheag nó a mhór leis na deiseanna iascaireachta a shaothraítear. Maidir le tacaíocht earnála, tugadh faoi deara sa mheastóireacht gur cuireadh an clár chun feidhme le moilleanna agus gur cheart é a bheith d'aidhm ag clár tacaíochta earnála amach anseo, mar ábhar tosaíochta, acmhainneacht Oileán Mhuirís a oibleagáidí idirnáisiúnta a chomhlíonadh a neartú, go háirithe na hoibleagáidí sin a bhaineann le breathnóireacht eolaíoch, sampláil gabhálacha agus iniúchtaí calafoirt. D'fhéadfadh clár tacaíochta earnála amach anseo cuidiú freisin leis an earnáil iascaireachta náisiúnta a fhorbairt trí thacaíocht a thabhairt d'iascairí ar mionscála agus roinn leath-thionsclaíoch a fhorbairt. Moltar sa mheastóireacht freisin go gcuirfí cuid den chistiú atá ar fáil chun cúntóir teicniúil seachtrach a earcú ar leataobh chun cur chun feidhme an chláir tacaíochta earnála a chomhordú agus a éascú.

Ó thaobh an Aontais de, tá sé tábhachtach ionstraim a choinneáil ar bun lena gceadaítear dlúthchomhar earnála le tír atá ina príomh-chomhpháirtí eacnamaíoch, ina soláthróir táirgí éisc don Aontas, le páirtithe leasmhara ar an leibhéal idirnáisiúnta agus a bhfuil meánna iascaireachta aici atá chun leas chabhlach an Aontais.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Mar chuid den mheastóireacht, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit, le hionadaithe tionscail agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta na sochaí sibhialta, chomh maith le riarachán iascaigh agus sochaí shibhialta Oileán Mhuirís. Reáchtáladh comhairliúcháin freisin laistigh den Chomhairle Chomhairleach um Iascach Fadraoin. Mar thoradh ar na comhairliúcháin sin, thángthas ar an gconclúid go rachadh sé chun tairbhe an Aontais Eorpaigh agus Oileán Mhuirís Prótacal nua a ghabhfadh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh a thabhairt i gcrích.

[1] ISBN: 978-92-76-38078-8 doi: 10.2771/046775.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

D'úsáid an Coimisiún comhairleoir neamhspleách le haghaidh na meastóireachtaí *ex post* agus *ex ante*, i gcomhréir le forálacha Airteagal 31(10) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 lena mbunaítear an Comhbheartas Iascaigh.

- **Cearta bunúsacha**

Sa chomhaontú a caibidlíodh, cuimsítear clásal a bhaineann leis na hiarmhairtí má sháraítear na gnéithe riachtanacha a bhaineann le cearta daonna a leagtar síos in Airteagal 9 de Chomhaontú Cotonou, nó san airteagal comhfhreagrach sa chomhaontú a thiocfaidh i gcomharbas air.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Is é EUR 725 000 an ranníocaíocht airgeadais bhliantúil, bunaithe ar na nithe seo a leanas:

(a) tonnáiste tagartha 5 500 tona, ar socraíodh méid bliantúil ina leith a bhaineann le rochtain ag EUR 275 000;

(b) tacaíocht chun beartas earnála iascaigh Oileán Mhuirís a fhorbairt, ar fiú EUR 275 000 in aghaidh na bliana í; agus

(c) tacaíocht chun an beartas muirí agus an geilleagar gorm a fhorbairt, ar fiú EUR 175 000 in aghaidh na bliana í.

An comhar i réimse an gheilleagair mhuirí, an dobharshaothrú, forbairt inbhuanaithe na n-aigéan, an phleanáil spásúil mhuirí, an fuinneamh muirí agus an mhuirthimpeallacht, agus forbairt an bheartais mhuirí agus an gheilleagair ghoirm, is cuspóirí iad a chomhlíonann an tacaíocht sin.

Déantar an méid bliantúil le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a bhunú le linn an nós imeachta buiséadach bliantúil, lena n-áirítear an líne chúltaca do phrótacail nár tháinig i bhfeidhm go fóill ag tús na bliana[1].

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déantar foráil maidir leis na socruithe faireacháin sa Chomhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh agus sa Phrótacal Cur Chun Feidhme a ghabhann leis.

[1] I gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha, pointe 20 (IO L 433I, 22.12.2020).

2022/0249 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Prótacal a thabhairt i gcrích lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís (2022-2026)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2), i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a)(v) agus (7), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh [XXX] ón gComhairle an [...][2], síníodh an Prótacal lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís (2022-2026) (dá ngairtear ‘an Prótacal’ anseo feasta) an […], faoi réir a thabhairt i gcrích dáta is faide anonn.

(2) Is é is cuspóir don Phrótacal é a chur ar a gcumas don Aontas Eorpach agus d’Oileán Mhuirís a bheith in ann oibriú níos dlúithe le chéile chun an comhar a chur chun cinn i réimse an gheilleagair mhuirí, an dobharshaothraithe, fhorbairt inbhuanaithe na n-aigéan, na pleanála spásúla muirí, an fhuinnimh mhuirí agus na muirthimpeallachta, agus fhorbairt an bheartais mhuirí agus an gheilleagair ghoirm, agus ag an am céanna cur le dálaí oibre cuibhiúla in earnáil an iascaigh.

(3) Ba cheart an Prótacal a fhormheas thar ceann an Aontais.

(4) Le hAirteagal 9 den Chomhaontú, bunaítear an Comhchoiste a bheidh freagrach as faireachán a dhéanamh ar a chur chun feidhme. Thairis sin, de bhun an Phrótacail, féadfaidh an Comhchoiste leasuithe áirithe ar an bPrótacal a fhormheas. Ba cheart don Chomhairle seasamh an Aontais a bhunú maidir le leasuithe atá beartaithe ar an bPrótacal. Ba cheart don Choimisiún na leasuithe atá beartaithe a fhormheas thar ceann an Aontais ach amháin i gcás ina ndéanann roinnt Ballstát, arb ionann a líon agus mionlach blocála, i gcomhréir le hAirteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agóid ina n-aghaidh.

(5) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725[3] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus thug sé tuairim faoi an [cuir isteach dáta].

---

[1] IO C , , lch. .

[2] Cinneadh (AE) 2021/… ón gComhairle an … 2021 maidir le … (IO C [...], [...], lch. [...]).

[3] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Prótacal lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís (2022-2026) a fhormheas thar ceann an Aontais.

Tá téacs an Phrótacail i gceangal leis an gCinneadh seo mar Iarscríbhinn I.

*Airteagal 2*

Tabharfaidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 19 den Phrótacal d'fhonn toiliú an Aontais a bheith faoi cheangal ag an bPrótacal a chur in iúl.

*Airteagal 3*

I gcomhréir leis na forálacha agus na coinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo, údarófar an Coimisiún leis seo, thar ceann an Aontais, leasuithe ar an bPrótacal arna nglacadh ag an gComhchoiste arna bhunú faoi Airteagal 9 den Chomhaontú a fhormheas.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*